Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**14554/18**

**DEVGEN 221**
**COHAFA 105**
**ACP 122**
**RELEX 992**
**SUSTDEV 17**
**ALIM 13**
**AGRI 576**
**FAO 50**
**SAN 418**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Samhain 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14283/18 |
| Ábhar: | Slándáil dhomhanda bia agus cothaithe a neartú<br>- Conclúidí ón gComhairle (26 Samhain 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil dhomhanda bia agus cothaithe a neartú, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3654ú cruinniú dá cuid a reáchtáladh ar an 26 Samhain 2018.

**Slándáil dhomhanda bia agus cothaithe a neartú**
**Conclúidí ón gComhairle**

1. Á aithint di gur dúshláin mhóra dhomhanda sa chomhrac i gcoinne na bochtaineachta agus an neamhionannais shíormhéadaitheach neamhdheimhneacht an tsoláthair bia agus an chothaithe, meabhraítear don Chomhairle a thiomanta is atá an tAontas gona Bhallstáit deireadh a chur leis an ocras agus le míchothú den uile chineál, i gcomhréir leis an gComhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt, an Comhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil, Clár Oibre 2030 agus an chirt chun bia.

2. Ós amhlaidh atá, meabhraíonn an Chomhairle na conclúidí[1]ábhartha roimhe seo agus is díol sásaimh di an tríú tuarascáil dhébhliantúil i ndáil le gealltanais beartais ón Aontas maidir le slándáil an tsoláthair bia agus leis an tslándáil cothaithe a chur chun feidhme, mar aon leis an tríú tuarascáil ar dhul chun cinn i ndáil le plean gníomhaíochta an Choimisiúin maidir leis an gcothú.

3. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair atá á déanamh ag an gCoimisiún i ndáil le gealltanais an Aontais i dtaca leis an gcothú a bhaint amach, mar aon le hiarrachtaí an Choimisiúin chun na hearnálacha ábhartha uile a shlógadh chun tacú leis an gclár oibre maidir leis an gcothú ar leibhéal domhanda agus ar leibhéal na dtíortha comhpháirtíochta. Is díol sásaimh ar leith don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta maidir le gealltanas airgeadais an Aontais Eorpaigh chun EUR 3.5 billiún a infheistiú sa chothú idir 2014 agus 2020, agus níos mó ná EUR 2.49 billiún a leithdháileadh cheana ar chláir chothaithe idir 2014 agus 2017.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair chomhpháirteach idir an tAontas gona Bhallstáit, a léiríonn a dtionchar i dtaca leis an gclár oibre domhanda maidir le slándáil bia agus cothaithe, a mhúnlú agus a bhogadh ar aghaidh. I dteannta a chéile, tá an tAontas Eorpach gona Bhallstáit ag tacú le tíortha comhpháirtíochta ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta mar aon leis na geallsealbhóirí réigiúnacha chun slite beatha buanseasmhacha a fhorbairt, córais bia áitiúil i limistéir a bhfuil ganntanas bia a neartú agus chun feabhas a chur ar thorthaí cothaitheacha. Tá na gníomhaíochtaí sin riachtanach, ní hamháin chun SDG2 a bhaint amach, ach freisin chun Clár Oibre 2030 a fhíorú go huile agus go hiomlán. I ndáil leis sin, aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le Deich mBliana na Náisiún Aontaithe i mbun gnímh maidir leis an gCothú (2016-2025).

---

1 Conclúidí maidir le slándáil bia agus cothaithe (10392/16); Conclúidí ón gComhairle maidir leis an dara tuarascáil ar an Dul Chun Cinn i ndáil leis an bPlean Gníomhaíochta maidir leis an gCothú (10679/17).

5. Cé go n-aithnítear di go bhfuil ag éirí go maith le roinnt tíortha dul chun cinn a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar neamhdheimhneacht an tsoláthair bia agus an chothaithe agus an mhíchothaithe ainsealach i measc leanaí, is cúis mhór imní, mar sin féin, don Chomhairle, in ainneoin na fadhbanna sin a bheith ag dul i meath le blianta fada, go bhfuil ardú ag teacht ar an ocras domhanda le trí bliana anuas, agus go bhfuil 821 milliún duine ag fulaingt leis an ocras agus an míchothú. Ní hamháin sin, ach meastar go bhfuil, go fóill, 151 milliún páiste (nó 22%) faoi chúig bliana d'aois a bhfuil an crandú ag gabháil dóibh. In 2017, bhí 124 milliún duine i 51 dtír a raibh – ar leibhéal géarchéime – neamhdheimhneacht an tsoláthair bia ag gabháil dóibh, géarchéim inar n-éilíodh gníomhaíocht phráinneach – ardú 11% é sin i gcomparáid le 2016.

6. Ag aithint di go bhfuil duine as gach triúr a mbíonn míchothú ag gabháil dóibh ar fud an domhain, aithníonn an Chomhairle an gá atá le cabhrú leis an aistriú idirthréimhseach, i dtreo córais agraibhia inbhuanaithe lena dtugtar cosaint do shláinte an duine. Le tionchar síormhéadaitheach an athraithe aeráide agus na gcoinbhleachtaí armtha chomh maith leis an mbrú céadach atá ar acmhainní talún agus nádúrtha, beidh dúshlán suntasach ag baint le cumas na gcóras agraibhia chun rannchuidiú ar bhealach inbhuanaithe le haiste bia sábháilte, folláin, cothaitheach do dhaonra atá ag méadú go tapa. Tá ceirtleáin uirbeacha ag éirí níos leochailí, agus rátaí fáis na gceirtleán uirbeach Afracach ar na rátaí is airde ar domhan, arb é an bochtaineacht tuaithe is cúis go páirteach le sin. Beidh ríthábhachtach ag baint leis an móiminteam a athnuachan agus leas a bhaint as an gcomhphobal idirnáisiúnta chun saoirse ón ocras a bhaint amach agus deireadh a chur leis an ocras de gach cineál faoi 2030 (SDG 2).

7. Tugann an Chomhairle dá haire, na treochtaí cothaithe domhanda agus sa chomhthéacs seo, an fhadhb maidir leis an rómheáchan agus an murtall, atá ag dul in olcas. Tá 672 milliún duine murtallach agus 1.3 billiún eile a bhfuil an rómheáchan ag gabháil dóibh. Sna tíortha sin ina bhfuil easpa dóthain bia, taobh leis an rómheáchan agus an murtall, tá an tearc-chothú agus cineálacha eile míchothaithe. Ós amhlaidh atá, molann an Chomhairle don Choimisiún agus do na Ballstáit chun tacú le córais bhia a áirithíonn slándáil an tsoláthair bia agus an chothaithe inbhuanaithe do chách, lena n-áirítear trí rannpháirt a ghlacadh in ullmhú na dTreoirlínte Deonacha maidir le córais Bhia agus Cothú ag an gCoiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain (CFS).

8. Agus na torthaí sin maidir le slándáil an tsoláthair bia agus an chothaithe, atá bainte amach ag an Aontas Eorpach gona Bhallstáit, á n-aithint ag an gComhairle, tacaíonn sí leis na moltaí agus na conclúidí atá sa dá thuarascáil, go sonrach:

a. **Gníomhaíocht chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh gona Bhallstáit a mhéadú maidir le dul i ngleic leis an tionchar tromchúiseach atá ag an athrú aeráide ar an talmhaíocht agus ar an slabhra soláthair bia domhanda.** Beidh an tAontas Eorpach gona Bhallstáit ag obair ar bhealach níos réamhghníomhaí i dtaca le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras agus i gcur chun cinn talmhaíocht aeráid-íogair, lena n-aithnítear an ról tábhachtach atá ag cleachtais talmhaíochta oiriúnú don athrú aeráide agus sin a mhaolú, mar a fhoráiltear sa Chomhpháirtíocht Oibre Koronivia maidir le Talmhaíocht agus mar a léiríodh le gealltanais ábhartha eile chun tacú le tíortha atá i mbéal forbartha an rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta (RCN) a bhaint amach. Ina theannta sin, leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá ann chun an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint mar aon le dul i ngleic le díghrádú talún agus fairsingiú na bhfásach.

b. **Aitheantas a thabhairt don ról ríthábhachtach atá ag mná ar fud luachshlabhraí agraibhia, in acmhainní nádúrtha a bhainistiú agus slándáil an tsoláthair bia agus an chothaithe a áirithiú.** Molann an Chomhairle don Choimisiún agus do na Ballstáit a áirithiú go bhfaigheann forbairt na luachshlabhraí a fhreagraíonn do chúrsaí inscne an aird chuí, i gcomhréir le *acquis* an Aontais, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta Inscne an Aontais Eorpaigh (GAP II). Ba cheart an úsáid a bhaintear as tuairisciú imdhealaithe de réir inscne a mhéadú chun gur fearrde an léiriú ar rannpháirtíocht na mban agus gur fearrde arís an léiriú a thabharfar ar iarrachtaí na mban iad féin leas a bhaint astu agus iad féin a chur chun cinn. Cuireann an Chomhairle i dtreis an tábhacht a bhaineann leis an obair a dhéantar ag gach céim den shaolré chun gealltanais an Aontais maidir leis an gcothú a bhaint amach. Ina theannta sin, aithníonn an Chomhairle, ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe chuimsitheach, nach mór aghaidh a thabhairt ar gach cineál míchothaithe agus neamhionannais inscne, lena n-áirítear leochaileachtaí na mban agus na gcailíní go sonrach, tráth géarchéime agus héigeandála, le chéile chun éifeachtacht na n-infheistíochtaí a áirithiú ina hiomláine. Ós amhlaidh atá, is den tábhacht leanúint le hiarrachtaí lena ndírítear ar shásraí cosanta sóisialta i ndáil le slándáil bia agus cothaithe a neartú.

c. **Chun an comhar idir an tAontas gona Bhallstáit sna réimsí seo a leanas a neartú: athléimneacht i gcoinne athrú na haeráide, inbhuanaitheacht agus nuálaíocht forbairtchliste sa talmhaíocht ar mhaithe le hathrú tuaithe inbhuanaithe, ag cur le gealltanais Chruinniú Mullaigh *One Planet*.** Ba cheart aird ar leith a thabhairt do thaighde talmhaíochta agus do chumais nuálaíochta ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach a neartú agus comhpháirtíochtaí il-gheallsealbhóra a chur chun cinn ar mhaithe le tréantionchar fadtéarmach, amhail trí Nuálaíocht forbairtchliste trí Thaighde sa Talmhaíocht (DESIRA).

d. **Leanfar leis an gcur chuige straitéiseach i dtaca leis na géarchéimeanna bia agus míchothaithe, mar chuid den nasc sin idir an chabhair daonnúil, an fhorbairt agus an tsíocháin, ar bhealach a léireoidh coinbhleacht choisctheach agus cháiréiseach**, ó tharla go bhfuil dlúthnasc idir faillí a dhéanamh i dtaca le soláthar bia an domhain agus ardú sa choinbhleacht agus san fhoréigean i roinnt áiteanna ar domhan. Moltar don Aontas Eorpach gona Bhallstáit an tacaíocht leis an nGréasán Domhanda i gcoinne nGéarchéimeanna Bia a fheabhsú, d'fhonn anailís chomhleanúnach agus freagairtí comhordaithe a chur chun cinn, agus a dtiomantas i leith gníomhaireachtaí ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe a athnuachan, lena n-áirítear an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (EBT), an Ciste Idirnáisiúnta d'Fhorbairt Talmhaíochta (IFAD) agus an Clár Domhanda Bia (CDB). Ina theannta sin, d'fhonn cosc a chur ar ghorta ar bhealach níos fearr agus chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na cúiseanna struchtúracha a bhaineann le neamhdheimhneacht an tsoláthair bia agus an chothaithe, caithfidh an tAontas gona Bhallstáit an teacht aniar a chothú sna tíortha is leochailí i gcomhréir le Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle i dtreis ar an ngá atá ann le haitheantas a thabhairt don nasc atá idir coinbhleacht armtha, neamhdheimhneacht an tsoláthair bia agus ar an mbaol gorta, agus ar an ngá atá leis an Aontas Eorpach gona Bhallstáit gealltanas a thabhairt chun feabhas a chur ar chur chun feidhme Rún 2417 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Sa bhreis air sin, tugann an Chomhairle dá haire an gá atá le beartais daonnúla agus forbartha atá dea-chomhordaithe agus comhsheasmhach a chur chun cinn agus le cláir a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar neamhdheimhneacht an tsoláthair bia agus an mhíchothaithe, ar mhaithe le beatha a tharrtháil agus chun teacht aniar a chothú.

e. **Chun an nasc idir feirmeoirí beaga agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a neartú, agus d'fhonn infheistíocht go sonrach a dhéanamh deiseanna fostaíochta a chruthú i gceantair thuaithe**, go háirithe don aos óg agus do mhná, d'fhonn fás cuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn i luachshlabhraí luach talmhaíochta, i bhfianaise a thábhachtaí atá an trádáil talmhaíochta réigiúnach chun an fhíorbhochtaineacht a laghdú. I ndáil leis an méid sin, is díol béime ag an gComhairle an méid seo: an tábhacht a bhaineann le tionscnamh an Choimisiúin maidir le Comhghuaillíocht nua idir an Afraic agus an Eoraip le haghaidh Infheistíocht agus Poist Inbhuanaithe agus dlús a chur le comhpháirtíochtaí tríd an bPlean Infheistíochta Seachtraí agus an Ciste Iontaobhais Éigeandála don Afraic, lena n-áirítear chun an earnáil talmhaíochta a fhorbairt, agus é á chur san áireamh go bhfuil an tAontas Eorpach gona Bhallstáit tiomanta chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna a bhíonn leis an imirce neamhrialta agus leis an easáitiú éigeantach. Ba cheart comhpháirtíocht den sórt sin a oiriúnú do riachtanais shonracha na bhfeirmeoirí beaga agus na FBManna, cloí leis na Prionsabail um Infheistíocht Fhreagrach i gCórais Talmhaíochta agus Bhia, mar aon le leanúint leis na Treoirlínte Saorálacha maidir le Rialachas Freagrach ar Thionacht Talún, Iascaigh agus Foraoisí i gcomhthéacs Shlándáil Náisiúnta an tSoláthair Bia, agus ar fhormhuinigh an CFS iad. Ina theannta sin, tá an Chomhairle ag súil le moltaí an Choimisiúin, eadhon "an Tascfhórsa don Afraic Thuaithe – an chomhpháirtíocht atá eadrainn a neartú i réimse an bhia agus na feirmeoireachta".

9. Tugann an Chomhairle dá haire go dtabharfar 4.7 milliún leanbh, faoin mbliain 2025, slán ón gcrandú sna tíortha sin ar thug an Coimisiún tosaíocht dóibh maidir leis an gcothú. Dhá mhilliún a bhí i gceist anuraidh – tá níos mó ná a dhá oiread i gceist i mbliana; léiriú ar an dul chun chinn inmholta chun tacú le tíortha comhpháirtíochta an crandú a laghdú faoi 7 milliún ar a laghad a bhaint amach faoi 2025. Mar sin féin, tá an Chomhairle thar a bheith buartha maidir leis an gcrandú, nach leor é luas reatha an laghdaithe má táthar leis na cuspóirí domhanda maidir le laghdú an chrandaithe a bhaint amach faoin mbliain 2025[2], rud a chuirfeadh isteach ar a bhfuil bainte amach ag SDG. Ós amhlaidh atá, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, dlús nach beag a chur leis na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar gach cineál míchothaithe (i dtaca le crandú, leasacháin, easnamh micreachothaitheach agus leis an rómheáchan).

[2] Is é céad sprioc an Chomhthionóil Dhomhanda Sláinte 'líon domhanda na bpáistí faoi chúig bliana d'aois a bhfuil an crandú ag gabháil dóibh a laghdú 40%'. Tuigtear leis gur laghdú domhanda de 70 milliún páiste cranda atá i gceist (ó 171 milliún in 2010 go dtí tuairim is 103 milliún in 2025).

10. Molann an Chomhairle don Choimisiún leanúint dá ról gníomhach ar an leibhéal domhanda maidir le sábháilteacht an tsoláthair bia agus an chothaithe a choimeád chun tosaigh ar chlár oibre an Aontais maidir le comhar um fhorbairt. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur féidir leis an Aontas Eorpach gona Bhallstáit rannchuidiú ar bhonn comhchoiteann chun borradh a chur faoi shlándáil an tsoláthair bia agus an chothaithe, trí chur chuige ilearnálach agus ilgheallsealbhóra, lena gcomhtháthaítear cothú in earnálacha éagsúla, amhail talmhaíocht, cosaint shóisialta, sláinte, oideachas, uisce, sláintíocht agus sláinteachas, i measc nithe eile. Fágann sin gur gá don Aontas Eorpach gona Bhallstáit, leanúint de bheith ag obair le chéile, lena n-áirítear trí chlársceidealú comhpháirteach agus creata torthaí comhpháirteacha ar leibhéal náisiúnta a chur chun cinn, agus i gcomhréir freisin le comhpháirtithe chun feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus ar éifeachtacht an chomhair um fhorbairt. Chun na críche sin, molann an Chomhairle freisin do thíortha comhpháirtíochta, i ndlúthchomhar leis na príomhpháirtithe leasmhara uile, straitéisí náisiúnta maidir le slándáil an tsoláthair bia agus an chothaithe, a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

11. I bhfianaise na ndúshlán domhanda, iad siúd atá ann go síoraí agus iad siúd atá ag teacht chun cinn, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún athbhreithniú a mholadh i dtaca le creat beartais 2010 maidir le sábháilteacht an tsoláthair bia agus creat beartais 2013 maidir leis an gcothú, seasamh lena thiomantas i leith an chothaithe agus cur chuige iomlánaíoch de chuid an Aontais a chur chun feidhme.

12. Gan dochar don chaibidlíocht leantach maidir leis CAI, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfaidh an Coimisiún, na Ballstáit agus an comhphobal idirnáisiúnta acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar shlándáil an tsoláthair bia agus an chothaithe chun SDG2 a bhaint amach agus, dá bhrí sin, le treochtaí diúltacha atá ann faoi láthair a iompú droim ar ais.

13. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tuairisc shonrach a thabhairt maidir leis an obair leantach i dtaca leis na Conclúidí seo ón gComhairle sa chéad tuarascáil dhébhliantúil eile i ndáil le gealltanais beartais ón Aontas maidir le slándáil an tsoláthair bia agus an chothaithe a chur chun feidhme.